# Féinmheastóireacht Scoile 2019 – 2020

## An t-ábhar:  Eolaíocht

**Réamhrá:**

Ag tús an scoilbhliain, bhuail an fhoireann scoile le chéile agus phléamar féinmheastóireacht scoile.  Bhíomar ag caint faoi na hábhair a bhí clúdaithe cheana féin agus mar gheall ar aon dul chun cinn a bhí feicthe.  I ndiaidh na hábhair a phlé, shocraíomar ar eolaíocht agus ar bhéim a chur ar an ábhar sin sa scoilbhliain seo.  Ní raibh sé déanta cheana féin agus cheapamar nach raibh a dhóthain béim ar eolaíocht sa scoil.  Phléamar le na hardranganna agus bhí siad ar an aigne céanna, ba chóir dúinn níos mó eolaíocht a dhéanamh sa scoil.

**Plean:**

Thángamar suas le plean chun níos mó béim a chur ar an eolaíocht ar fud na scoile.

1. A bheith gníomhach in ár mhúineadh
2. Glacadh páirt i Seachtain Eolaíochta
3. Na hardranganna a thógaint go dtí an Eolaí Óg Bhunscoile, le tionscadal.
4. Go mbeadh an scoil go léir páirteach leis an Scoil Ghlas chun an brat Bhithéagsúlacht a chríochnú.
5. Suirbhé a dhéanamh – Tuismitheoirí, Múinteoirí & Daltaí.
6. Anailís a dhéanamh ag deireadh na bliana.

**1.A bheith gníomhach in ár mhúineadh:**

Go ndéanfadh na múinteoirí a bheith chomh gníomhach in san mhúineadh don ábhar is, is féidir leo.  Acmhainní a thógaint isteach chun rudaí a mhíniú mar a bhaineann le heolaíocht. Go n-iarrfaidís ar na páistí a bheith páirteach agus go dtógfaidís rudaí isteach a bhaineann leis an gceacht eolaíochta dá mbeadh aon rud oiriúnach acu.  Smaointí a fháil ó na daltaí maidir le na snáithe.  Go spreagfadh na múinteoirí suim san ábhar.  Go dtabharfaidís na scileanna eolaíochta do na páistí ionas go mbeidís ag obair go heolaíoch:

- Ag ceistiú
- Ag breathnóireacht
- Ag tuar
- Ag imscrúdú & ag tástáil
- Ag meas & ag tomhas
- Ag Anailísiú
- Ag clárú & ag cur in iúl

**2.Glacadh páirt i Seachtain Eolaíochta:**

D'eagraigh na múinteoirí rud eolaíochta a dhéanamh gach lá:

**Luan**:

- Ag déanamh criostail siúcra
- Ag cur ubh i fínéagar

Bhí ar na páistí na torthaí a fheiscint thar na seachtaine.

**Máirt**: Ag cur síolta

**Céadaoin**: Piocadh bruscar le Tidy Towns

**Déardaoin**: Ag féachaint ar chnámha & rudaí eile faoin micreascóp

**Aoine** –

- bolcán! – le cóc & mentos
- Ag séideadh bhalún le fínéagar & sóid aráin.

**3.Na hardranganna a thógaint go dtí an Eolaí Óg Bhunscoile**

Go dtiocfaidh na daltaí i Rang 4, 5 & 6 suas le ráiteas éagsúil. Déanfaidh siad staidéar agus imscrúdú ar an ráiteas sin chun teacht suas le turgnamh agus chun an turgnamh a thógaint go dtí an Eolaí Óg Bhunscoile i mBaile Átha Cliath in Eanáir 2020.

**4. Go mbeadh an scoil go léir páirteach leis an Scoil Ghlas chun an brat Bhithéagsúlacht a chríochnú:**

De ghnáth bíonn na hardranganna ar an gCoiste Ghlas agus déanann siad formhór don obair a bhaineann leis an Scoil Ghlas. Glacann na ranganna go léir páirt i ngníomhachtaí atá eagraithe, ach ní bhíonn páirt gníomhach acu. I mbliana beimid ag iarraidh go mbeadh páirt níos mó ag na ranganna go léir. Beimid ag seoladh dialann dúlra abhaile le gach páiste agus beidh orthu iad a líonadh le rudaí a fheiceann siad sa ghairdín nó timpeall na háite. Mar sin beidh páirt gníomhach ag na tuismitheoirí agus na páistí, i mbliana. Tabharfaidh sé seans dóibh féachaint ar an nádúr agus an chomhshaol atá timpeall orthu a thabhairt faoi deara.

Chomh maith le sin, beidh gach rang ag déanamh tionscadal nó ealaín a bhaineann le bhithéagsúlacht.

**5. Suirbhé a dhéanamh – Tuismitheoirí, Múinteoirí & Daltaí.**

Beidh orainn trí suirbhé a dhéanamh i mbliana –

1. Múinteoirí
2. Tuismitheoirí
3. Daltaí

Ansin is féidir linn anailís a dhéanamh ar na freagraí chun tacaíocht agus tionchar a thabhairt don phleanáil sa todhchaí.

**6.Anailís a dhéanamh ag deireadh na bliana.**

Nuair atá gach chéim déanta againn agus na suirbhéanna ar ais, beimid in ann anailís a dhéanamh ar na freagraí agus na torthaí atá faighte againn.

Beidh anailís ar na céimeanna 1-5 atá leagtha amach thuas.

Cuirfimid iad siúd le chéile chun phlean a dhéanamh don todhchaí mar a bhaineann le mhúineadh na eolaíochta.

**Anailís ar an bhféinmheastóireacht scoile don scoilbhliain 2019-2020.**

**1.A bheith gníomhach in ár mhúineadh:**

Rinne gach múinteoir sár iarracht eolaíocht a spreagadh i measc na daltaí:

- Trí tionscadal a dhéanamh sa bhaile faoi gnáthóga timpeall an domhain.
- Ghlac na ranganna go léir páirt, chun eolas a bhailiú faoi plandaí & ainmhithe timpeall na háite.
- Bhí na ranganna ag bailiú aon bruscar agus iad amuigh ag siúl
- D'eagraíomar bailiúchán bruscar ar na tránna timpeall na háite.
- D'úsáideamar an bruscar a bhailíomar, chun fear bréige a chruthú, chun feasacht agus cúram imshaoil a thaispeáint don phobal.
- D'úsáid na múinteoirí aon acmhainní gur féidir leo chun na ceachtanna a dhéanamh níos gníomhaí & níos suimiúla
- Bhí an eolaíocht comhtháite le na hábhair eile chomh maith.

Ó thaobh eolaíochta de mar ábhar i mbliana, rinne na múinteoirí a ndícheall chun béim agus suim a chruthú san ábhar.

**2.Glacadh páirt i Seachtain Eolaíochta:**

D'oibrigh an plean amach mar a bhí scríofa:

- Bhí na daltaí in ann breathnóireacht a dhéanamh ar na turgnaimh a bhí déanta ar an gcéad lá. D'fhoghlaim siad go n-oibríonn rudaí agus uaireanta ní oibríonn siad amach. Chomh maith bhí siad in ann a phlé na cúiseanna faoi, conas nach n-oibríonn rudaí.
- Cur ranganna éagsúla síolta
- Chomh maith le sin, tháinig tuismitheoir isteach le plandaí agus bhí sí ag caint fúthu agus ag taispeáint do na páistí conas iad a aithint.
- Rinne roinnt páistí turgnaimh sa bhaile agus thóg siad isteach iad. Bhain na páistí an taitneamh as iad a fheiceáil.
- Chuaigh Rang 4-6 go dtí an páirc súgartha chun bruscar a phiocadh le Tidy Towns. Bhailigh siad 4 málaí bruscar ann!
- D'fhéach siad ar duilleoga, cnámha agus a méara faoin micreascóp.
- Bhí an spraoi againn ar an Aoine. Chuamar amach go dtí an clós le na daltaí agus rinneamar roinnt turgnaimh 'messy' chun rudaí a pléascadh mar a bhí scríofa thuas.

Spreag an tseachtain sin, suim san eolaíocht, in sna daltaí.

**3.Na hardranganna a thógaint go dtí an Eolaí Óg Bhunscoile**

Chuaigh na daltaí chuig Bhaile Átha Cliath i Mí Eanáir agus bhain siad an taitneamh as. Bhí sé go hiontach dóibh a bheith ag féachaint ar na meánscoileanna agus iad ag glacadh páirt in san Eolaí Óg agus na bunscoileanna eile a bhí ag glacadh páirt. Lean siad an próiseas seo a leanas:

- Phlé siad roinnt téamaí a bhí suim acu iontu
- Phioc siad 3 téamaí agus chuir siad le chéile iad
- Roghnaigh siad an téama a bhaineann leis an gcomhshaol.
- An ráiteas ná 'Cé mhéad plaisteach atá in ár gcomhshaol áitiúil?'
- Tháinig siad suas le plean
- Lean siad an plean agus chuaigh siad go dtí an Eolaí Óg Bhunscoile

Toisc gur lean siad próiseas, d'fhoghlaim siad conas a bheith ag obair mar eolaí.

**4. Go mbeadh an scoil go léir páirteach leis an Scoil Ghlas chun an brat Bhithéagsúlacht a chríochnú:**

Arís, glac na ranganna go páirt. D'éirigh go maith leo.

- Thóg siad dialann dúlra abhaile agus le cabhair ó na tuismitheoirí líon siad isteach iad agus tharraing siad pictiúir do na rudaí a chonaic siad.
- Bhí an chuid daoine páirteach in san bhailiúchán bruscar ar na tránna. Arís, bhí na teaghlaigh ag glacadh páirt taobh amuigh d'am scoile.
- Chruthaigh siad an fear bréige leis an bruscar a bhí bailithe chun feasacht agus cúram imshaoil a spreagadh i measc an phobail.
- Rinne na daltaí ealaín & tionscadail faoi bhithéagsúlacht
- Rinne na hardranganna suirbhé faoi na plandaí a bhí curtha againn timpeall na scoile
- Chuireamar gaiste ceamara amuigh – an suim ag na páistí ann.
- Rinne na ranganna go léir 'The Great Plant Hunt'.

Faraor bhí pleananna eile againn ach níor oibrigh siad amach toisc go raibh ar na scoileanna dúnadh.

**5. Suirbhé a dhéanamh – Tuismitheoirí, Múinteoirí & Daltaí.**

Múinteoirí:

Bhí a fhios ag na múinteoirí faoi na ceithre snáth aonad agus tá siad compordach ag múineadh in a ranganna féin. An t-aon moladh ná cúrsa a dhéanamh ms. Cúrsa samhraidh chun smaointí nua a fháil.

Daltaí:


Bhíomar chun an suirbhé sin a thabhairt amach ar an 20/03/20 ach dhún na scoileanna roimh sin agus mar sin níl an t-eolas sin againn i mbliana.

Tuismitheoirí:


Sheolamar suirbhé chuig gach teaghlach agus ní bhfuaireamar ach 20 ar ais. Tá na torthaí leagtha amach i bhfoirm píchairt & barrachairt.


- Don chuid is mó, tá siad sásta leis an leibhéal eolaíochta atá á mhúineadh againn faoi láthar.
- Tá tuismitheoirí eile sásta teacht chun labhairt le na páistí faoi chúrsaí eolaíochta (toisc go bhfuil taithí acu).
- Tá tuilleadh eolais ag teastáil ó roinnt tuismitheoirí faoi na rudaí eolaíochta atá á mhúineadh againn
- An rud is tábhachtaí ná go bhfuil suim ag na páistí in eolaíocht.

***Seo a leanas na torthaí ó suirbhé na tuismitheoirí:***






Ceist 1: I am happy with the level of science being taught in the school:








Ceist 2: Teaching of the science Curriculum is of a good Standard:








Ceist 3: There are good opportunities for the children to learn about science from sources other than the class teachers.








Ceist 4. Have you noticed an improvement in this subject area to date this year?








Ceist 5: I have sufficient knowledge of what my  child/children are learning in science.








Ceist 6. There are opportunities for me as a parent to get involved in the science Curriculum.








Ceist 7. I am aware that the senior class participated in the Primary Young Scientist Fair this year.








Ceist 8. I am aware that the school are working towards their Biodiversity Green Flag.








Ceist 9. My child is interested in science/eolaíocht.



Ceist 10. My child knows what the word science means.



**Gníomhphointí:**

1. Tá tuilleadh le déanamh ag an scoil
2. B’fhéidir gur féidir linn an polasaí eolaíochta a uasdátaigh.
3. Lean leis an suim a spreagadh san eolaíocht
4. Glac páirt i seachtain eolaíochta gach bliain
5. Lean leis an gcomhtháite
6. Tionscadal a dhéanamh sa bhaile
7. Daoine a fháil chun labhairt le na páistí faoi cúrsaí eolaíochta.
8. Beidh ar an bhfoireann teacht le chéile chun an féinmheastóireacht scoile seo a phlé ag tús na bliana arís.

**Conclúid:**

Rinne an scoil an iarracht an eolaíocht a chur chun cinn i mbliana. An deacracht ná an luas céanna a choimeád agus iad ag dul ar aghaidh. Tá roinnt rudaí le déanamh ag an scoil. An rud is tábhachtaí ná na rudaí a spreag na páistí a úsáid agus baint a bheith leis an scoil phobal.